

Ráth Chairn

1.0 Comhthéacs agus Carachtar an tSráidbhaile

Tá Ráth Chairn lonnaithe i gceartlár Chontae na Mí. Is ceann de dhá cheantar Gaeltachta sa chontae é agus is é Baile Ghib (Gibbstown) an ceann eile. Tá sé lonnaithe ar chóras cúng bóithre áitiúla idir an R154 Áth Buí agus bóthar réigiúnach Bhéal Átha Troim, agus an N51 Áth Buí / Bóthar na hUaimhe thart ar 3.5 chiliméadar taobh thoir de Bhaile Átha Buí. Tá dá cheantar ar leith i Ráth Chairn, ceartlár an tsráidbhaile ina bhfaightear an siopa, an séipéal, halla an bhaile agus an pháirc CLG, agus an limistéar fiontraíochta agus fostaíochta ag an mbealach isteach go dtí an sráidbhaile ó thuaidh. Tá áiteanna cónaithe stairiúla a thagann ó aimsir Choimisiúin na Talmhan agus áiteanna cónaithe nua-aimseartha araon fite fuaite idir an dá cheantar. Tá an Bhunscoil lonnaithe ag an mbealach isteach go dtí an sráidbhaile ó theas, agus tá an Mheánscoil, Coláiste Pobail, lonnaithe idir lár an tsráidbhaile agus an limistéir fiontraíochta.

Áit san Ordthas lonnaithe	Sráidbhaile – Ionad áitiúil do sheirbhís agus fiontraíocht áitiúil a fhorbairt		
	2011 133	2016 183	Méadú 37% ar dhaonra
Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise	35		
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	1		
Uimh. an tSoláthair Tithíochta	52		
Áiseanna Oideachais	Iar-bhunscoil Coláiste Pobail Ráth Chairn, Bunscoil: Bunscoil Ráth Coláiste Na bhFhiann Cúrsaí Gaeilge		
Saoráidí Pobail	Ionad Pobail agus Clubtheach, Áras Pobal Ráth Chairn / Áras Uí Ghramhnaidh, Páirc CLG, Leabharlann, Séipéal Caitliceach Rómhánach, Siopa an Bhaile, Páirc an Bhaile sa Lár, agus ag an mbealach isteach go dtí an sráidbhaile.		
Limistéir Chaomhantais Ailtireachta	Ceann ar bith		
Déanmhais Chosanta	Níl aon struchtúir atá faoi chosaint lonnaithe laistigh de theorainn an tsráidbhaile: Níl láithreán, gné ná déantán seandálaíochta atá liostaithe mar Shéadchomhartha Taifeadta lonnaithe laistigh de theorainn an tsráidbhaile:		
	Córas Cóireála Fuíolluisce Baile Átha Buí-Toilleadh reatha Scéim Soláthair Uisce Baile Átha Buí-Soláthar Teoranta		
Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Líon na gCriosanna Tuile Aitheanta A agus B Lasmuigh Beartais um Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hImleabhar a hAon den PFC.		
Láithreáin Natura 2000	Níl aon láithreán Natura 2000 laistigh de theorainn an tsráidbhaile. Tá SAC & SAP na Bóinne agus na hAbhann Dubhe lonnaithe thart ar 2 chiliméadar thiar theas ón sráidbhaile.		
Crios Acmhainneachta Seandálaíochta	Níl. Tá crios acmhainneachta seandálaíochta gar don sráidbhaile.		

2.0 Fís

D'fhonn oidhreacht Ghaeltachta Ráth Chairn a chur chun cinn agus cur le tréithe áirithe agus tús áite an tsráidbhaile agus an fhéiniúlacht ar leith a ghabhann leis á treisiúar shlí a chuireann go mór lena suaithinseacht chultúrtha Ghaeilge, mar aon le forbraíocht a sholáthar - rud a n-éascódh go mbeidh Ráth Chairn in ann forbairt go go hinbhuanaithe, mar áit chónaithe inar féidir obair nó fiú bheith ar do shuaimhneas agus mar áit ar féidir cuairt a thabhairt uirthi agus éagsúlacht an cheantair Ghaeltachta ar leith seo á cur chun cinn. Ní spreagfar ach fás cónaitheach nádúrtha orgánach thar shaolré an Phlean Forbartha i gcomhréir le Croístraitéis an Phlean Forbartha.

3.0 Deiseanna

- D'fhéadfadh an deis a bheith ann méadú ar líon na dturasóirí a thagann chun an sráidbhaile seo atá ina Ghaeltacht ar leith, ar mhaithe leis an sráidbhaile a fhorbairt ar shlí atá inbhuanaithe chomh maith leis an áit a chur chun cinn mar áit inar féidir oidhreacht chultúrtha na Gaeilge go ginearálta a chur chun cinn.
- Tá an deis ann freisin go bhféadfaí na bealaí isteach go dtí an sráidbhaile a fheabhsú - rud a chuirfeadh le mealltacht Ráth Chairn i gcomhar fheidhmeanna fiontraíochta agus fostaíochta agus a n-éascódh daingniú lár na cathrach.
- Cuireann Fóram Forbartha Ghaeltacht na Mí stádas eacnamaíoch Ráth Chairn chun cinn agus tá sé mar chuspóir aige tacú leis na bearta a dhíríonn ar fhás geilleagrach a ghríosadh.

4.0 Straitéis Talamhúsáide

D'fhonn soláthar Fhís do Ráth Chairn a éascú, tá straitéis beartaithe don sráidbhaile a chuireann go mórmhór leis na deiseanna atá le fáil laistigh den sráidbhaile. Tá roinnt gnéithe lárnaigh ag gabháil leis an Straitéis; na bealaí isteach go dtí an sráidbhaile ó thuaidh agus ó theas a dheimhniú i bhfoirm fheabhsuithe sa ríocht phoiblí chomh maith le teorainneacha a dheimhniú, brandáil agus comharthaíocht don cheantar Gaeltachta; feabhsuithe i dtaobh na ríochta poiblí de ag an mbealach isteach go dtí an limistéar fiontraíochta agus laistigh de cheartlár an tsráidbhaile lena n-áirítear cuíchóiriú páirceála. agus soláthar cosán atá nasctha le bealaí nua do choisithe laistigh den sráidbhaile agus timpeall air.

4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tá forbairt ar Ráth Chairn i bhfoirm forbartha ísealdlúis lena n-áirítear áiteanna cónaithe scoite laistigh de cheapacha nó gáirdíní indibhidiúla. Leanann forbairt chónaithe an sráidbhaile an múnla seo agus déantar an cineál forbartha seo a ghríosadh go coinsiasach faoi fhoirmeacha agus stíleanna traidisiúnta na háite.

Tá an chuid seo den sráidbhaile a ceaptar a bheith in oiriúint i gcomhar forbartha cónaithe lonnaithe i ceartlár an tsráidbhaile in aice láimhe le crosaire an tsráidbhaile agus lár an tsráidbhaile agus ar chúl an siopa taobh leis an bpáirc CLG. Baintear feidhm as an gcuid seo mar lárionad tráchtála an tsráidbhaile faoi láthair.

Tá forbraíocht chónaithe ísealdlúis cruinnithe le chéile taobh le lár an tsráidbhaile agus meastar gur seo an áit is cuí le haghaidh réiteach malartach inbhuanaithe in ionad tithe aonair a thógáil ann agus chuirfeadh seo go mór le carachtar tuaithe an cheantair a chothú.

Beidh dearadh cónaithe atá in oiriúint don cheantar agus a thugann meas d'fhoirmeacha foirgníochta traidisiúnta na Gaeltachta ag teastáil. D'fhéadfaí gurb ionann foirm chónaithe chúí agus foirm chónaithe ina bhfuil cumraíocht chomhthremohar agus bhinne i bhfoirm foirgnimh shimplí. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an fhorbraíocht seo na cosáin nua a nascóidh na ceantair nua chónaithe seo le lár an tsráidbhaile a imeascadh lena chéile.

4.2 Geilleagar agus Fostaíocht

Dar le Grádlathas Miondíolaíochta an Chontae, aithnítear Rath Chairn mar ionad miondíolaíochta Leibhéal 5. Tá réimse beag seirbhísí miondíolaíochta ann agus is é an síopa áise áitiúil a luaitear ann go príomha. Bhainfeadh an sráidbhaile an-tairbhe as réimse níos leithne áiseanna éagsúla, in ainneoinn gurb ionann le bac é go bhfuil an sráidbhaile an-ghar don Uaimh agus do Bhaile Átha Buí i dtaobh áiseanna a mhealladh chun an áit d'fhonn aon rud eile seachas fónamh ar riachtanais láithreacha an sráidbhaile agus an dhobharcheantair thuaithe.

Cuireann an stráitéis seo daingniú lár an sráidbhaile thoir theas agus thoir thuaidh ón gcroisire ar mhaithe le forbairt ilfheidhmeach fhéideartha a imeascadh le ceantair chónaithe nua.

Baintear feidhm as an saincheantar fiontraíochta ag an mbealach isteach go dtí an sráidbhaile ó thuaidh agus baintear feidhm as i gcónaí le haghaidh úsáidí tionsclaíochta áirithe. Baintear úsáid as an gceantar atá ainmnithe i gcomhair mhéadú féideartha mar cheantar talmhaíochta. Tá an ríocht phoiblí taobh istigh ar an ngannchuid ag an mbealach isteach go dtí an t-eastát, cuir i gcás an t-iostán is na tithe amuigh atá drochbhail orthu, agus bhainfí an-tairbhe as é seo a uasghrádú. Cuireann an stráitéis seo feabhsú an ríochta poiblí chun cinn, lena n-áirítear bailchríoch a chur ar na cosáin agus na bóithre agus cóireálacha fearainn mar aon le huasghrádú an iostáin reatha, d'fhonn cruth a chur ar chur an eastáit ón taobh físiúil de. Moltar forbairt bhreise maidir le diangniú lár an tsráidbhaile agus na saincheantar fiontraíochta agus fostaíochta.

Mar a luadh cheana, déanann Fóram Forbartha Eacnamaíoch Ghaeltacht na Mí stádas eacnamaíoch Ráth Chairn a chur chun cinn agus leanfar leis na bearta atá sé mar aidhm acu fás geilleagrach an tsráidbhaile a chur chun cinn amach anseo.

4.3 Bonneagar

Soláthraítear uisce ó Scéim Soláthair Uisce Bhaile Átha Buí Níl aon phleananna reatha le haghaidh méadú nó uasdátú an tsoláthair. Cuirfear le soláthar uisce de bharr bhearta caomhnuithe uisce agus déanfar an soláthar uisce a mhéadú dá bharr.

Faightear uisce Ráth Chairn ón gCóras Cóireála Dramhuisce Bhaile Átha Buí a uasghrádaíodh i 2010. Tá toilleadh i gcomhar forbartha amach anseo ar fáil ann faoi láthair.

4.4 Gluaiseacht

Tá sráidbhaile Ráth Chairn lonnaithe gar do bhóithre náisiúnta agus réigiúnacha (N51 agus R154). Is gnéithe lárnacha an tsráidbhaile iad na bóithre áitiúla agus na cul-de-sac-anna a fhaightear ann. Tá mórchuid na bhfoirgneamh i Ráth Chairn lonnaithe laistigh de shiúlbealach 400m ó lár an tsráidbhaile, lena n-áirítear feidhmeanna pobail, oideachais agus cónaithe. Tá an t-eastát

tionsclaíochta laistigh de shiúl bhealach 800m. Tá nascacht do choisithe idir lár an tsráidbhaile agus an ceantar fiontraíochta ar an ngannchuid.

Déanfaidh an plean seo modhanna taistil inbhuanaithe amhail rothaíocht agus siúil a chur chun cinn agus cosáin nua a dhéanfaidh nasc idir lár an tsráidbhaile, páirc an bhaile agus an ceantar fiontraíochta. Anuas air sin, ceadaítear forbairt na n-áiseanna do choisithe i lár an tsráidbhaile agus cuíchóiriú páirceala agus síneadh á chur leis na limistéir coisithe ar mhaithe le cearnóg bhaile nó spás ar leith a cruthú ag an gcroisire i lár an tsráidbhaile.

Déanfaidh an plean seo soláthar seirbhísí bus poiblí / príobháideacha idir na bailte agus na sráidbhailte atá timpeall air a nascadh le chéile.

4.5 Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

Bronadh stádas Gaeltachta ar Ráth Chairn le linn na 1930í nuair a chuir muintir Chonamara fúthu ann. An t-aistriú go dtí Ráth Chairn. Cuireadh an t-aistriú seo ar bun mar chuid d'obair Choimisiúin na Talhman mar gheall ar an mbrú ar áiseanna ar Chósta an Atlantaigh a mhaolú. Ní raibh a dhóthain talún áisiúil ar fáil sna ceantair chúnga seo ar aon am go raibh eastáit oiriúnacha ar fáil go réidh in oirthear na hÉireann. Aistríodh daichead chlann ó Ghailimh go dtí sráidbhaile Ráth Chairn sa bhliain 1935. Den chuid is mó, d'éirigh leis an scéim féiniúlacht na Gaeltachta a chaomhnú, ag baint leas as suíomh tuaithe an cheantair, méid an phobail agus forbairt na fostaíochta agus na dtionscarnach pobail a chosnaíonn agus a chuireann go mór leis an nGaeilge agus le cultúr an cheantair a chaomhnú. Déanann bunú pháirc an bhaile le déanaí an fhéiniúlacht seo a threisiú.

Cruthaíonn an oidhreacht thógála tús áite ar leith do Ráth Chairn a bhaineann ach amháin le Ráth Chairn agus ba chóir go gcoinneofaí agus go gcuirfí leis an oidhreacht seo i bhfoirmeacha forbraíochta amach anseo, agus an t-idirdhealú idir na ceantair uirbeacha agus thuithe á chosaint. Moltar léiriú comhaimseartha stíl an fhoirgnimh áitiúla agus úsáid á bhaint as ábhair agus teicneolaíocht nua-aimseartha. Cuideoidh sé seo leis an bhféiniúlacht áirithe sin a n-eascaíonn ó thraidisiúin náite a threisiú.

4.6 Bonneagar Glas

Tá an tírdhreach timpeall Ráth Chairn cothrom go ginearálta, ag ardú ó dheas. Cuireann an stráitéis seo cruthú bhealaí isteach áirithe go dtí an sráidbhaile d'fhonn teorainn a chur leis an gceantar uirbeach agus an ceantar tuaithe agus d'fhonn an fhaiche a scarann an ceantar uirbeach ón gceantar tuaithe a chosaint ar mhaithe le suíomh tuaithe ginearálta an tsráidbhaile a chosaint.

4.7 Bonneagar Sóisialta

Tá áiseanna pobail Ráth Chairn, lena n-áirítear an t-ionad pobail agus an clubtheach (An Bradán Feasa), an leabharlann, an eaglais agus páirc peile Gaelaí CLG lonnaithe i lár baill. Tá an bhunscoil, (Scoil Uí Ghramhnaigh) lonnaithe ag an mbealach isteach ó theas / ar Bhóthar Bhaile Átha Troim go dtí an sráidbhaile agus tá an mheánscoil (Coláiste Phobail Ráth Cairn) lonnaithe idir lár an tsráidbhaile agus páirc an bhaile a osclaíodh le déanaí. Tá dhá cheantar áiseanna poiblí i lár an tsráidbhaile ag síneadh leis an eaglais agus le páirc an tsráidbhaile i dtuaisceart an bhaile.

Faoi mar a dhéanfar Ráth Chairn a fhorbairt, ní foláir áiseanna pobail fóillíochta a fheabhsú chun freastal ar riachtanais an phobail reatha agus an phobail amach anseo. Cuirtear talamh úr ar fáil ar mhaithe le síneadh na bhfeidhmeanna pobail laistigh den sráidbhaile atá teorantach le háiseanna pobail reatha.

4.8 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Tá fás tagtha ar Ráth Chairn ó gur scata láthair cónaithe aonair de chuid Choimisiúin an Talmhan a bhí scaipthe óna chéile agus an baile é féin bunaithe ar an siopa áitiúil, an eaglais agus an pobal é féin a bhí ann. Cé go bhfuil foirm fhoirgníochta scaipthe ar an mbaile, tá carachtar tuaithe ar leith fós ag baint leis, le limistéir fhorbraíochta ag an gceantar tionsclaíochta ó thuaidh, le lár an tsráidbhaile agus leis an mbunscoil ó dheas. Cuireann an stráitéis seo cóireáil na dteorainneacha chun cinn go ginearálta d'fhonn cur le cuma an bhaile agus chun cur le comhleanúnachas na háite. Chomh maith leis sin, cuireann an stráitéis seo deimhniú bhealaí isteach chun an sráidbhaile agus chruthú dhá spás poiblí chun cinn, is iad sin; i lár an tsráidbhaile, taobh le daingniú lár an bhaile, thiocthadh dó, le forbairt chónaithe agus ilfheidhmeach nua, agus chomh maith leis sin, ag an mbealach isteach go dtí an t-eastát tionsclaíochta, mar bhearta chun cur leis an gcuma fhísiúil atá air faoi láthair, agus cur le féiniúlacht na háite mar cheantar i gcomhar fiontraíochta amach anseo. Moltar cosáin nua do choisithe chun na háiseanna sa sráidbhaile a nascadh lena chéile, agus d'fhéadfadh sin, in éineacht le soilse comhordaithe, cuir le comhleanúnachas an tsráidbhaile ó thaobh cuma agus féiniúlachta de.

5.0 Cuspóirí Forbartha don Sráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartas

Is é beartas na Comhairle:

RATHC POL 1	D'fhonn oidhreacht Ghaeltachta Ráth Chairn a chur chun cinn agus cur le tréithe áirithe agus tús áite an tsráidbhaile agus an fhéiniúlacht ar leith a ghabhann leis á treisiúar shlí a chuireann go mór lena suaithinseacht chultúrtha Ghaeilge, mar aon le forbraíocht a sholáthar - rud a n-éascódh go mbeidh Ráth Chairn in ann forbairt go go hinbhuanaithe, mar áit chónaithe inar féidir obair nó fiú bheith ar do shuaimhneas agus mar áit ar féidir cuairt a thabhairt uirthi agus éagsúlacht an cheantair Ghaeltachta ar leith seo á cur chun cinn.
-------------	--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

Lonnaíocht agus Tithíocht

RATHC OBJ 1	Chun cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha Contae a dheimhniú, sa mhéid is go bhfuil indéanta, agus le deimhniú nach sáraítear méid na cionranna teaghlaigh do Ráth Chairn mar a leagtar amach i dTábla 2.11 na Croístráitéise.
RATHC OBJ 2	Chun tacú le agus misneach a thabhairt d'fhorbraíocht chónaithe ar thalamh tearcúsáidte agus/nó talamh neamhshealbhaithe lena n-áirítear láithreáin inlíonta agus athfhorbraíochta, faoi réir ardchaighdeán dearaidh agus leagain amach.

RATHC OBJ 3 Chun misneach a thabhairt do dhaingniú cheantair chónaithe reatha an bhaile, i bhfoirm thithe atá cruinnithe le chéile faoi réir ag dearadh agus leagan amach a ghabhann le carachtar an bhaile.

RATHC OBJ 4 Go mbeadh sé riachtanach ‘Staidéar Tionchar Teanga’ a chur ar bun roimh aon iarratas ar thithíocht (forbraíochtaí tithíochta aonair agus líonmhara) sa cheantar. Beidh ar staidéar den chineál sin, trí thagairt a dhéanamh dá chúlra teangeolaíochta maidir leis na húsáideoirí nó na háititheoirí beartaithe, nó trína chaidreamh le cuspóirí forbartha teangeolaíochta nó cultúrtha grúpaí a bhaineann le ceantair Ghaeltachta a fhorbairt nó grúpa a bhfuil sé de chúram orthu iad a fhorbairt a aithint, a chruthú go mbeidh tionchar dearfach ag togra ar leith ar an nGaeilge a chur a chun cinn agus a úsáid mar theanga an phobail.

Eacnamaíocht agus Fostaíocht

RATHC OBJ 4 Chun cur le hiarrachtaí hÚdarás na Gaeltachta, Fóram Forbartha Eacnamaíochta Ghaeltacht na Mí agus forais agus gníomhaireachtaí ábhartha eile maidir le feidhmeanna eacnamaíochta inbhuanaithe Gaeilge a fhorbairt sa cheantar Gaeltachta seo.

RATHC OBJ 5 Tús áite a spreagadh don bhealach isteach go dtí Ráth Chairn, agus sa cheantar fiontraíochta agus fostaíochta araon, d’fhonn fiontair nua a mhealladh go dtí an limistéar fiontraíochta reatha.

RATHC OBJ 6 Staidéar a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht atá ann i gcomhar tháirge eispéiris teanga agus cultúir i measc na nGaeltachtaí i gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara.

Bonneagar

RATHC OBJ 7 Chun dul i dteagmháil le agus cúnamh a chur ar fáil d’Uisce Éireann maidir le soláthar seirbhísí uisce leordhóthanacha a chur ar bun chun freastal ar riachtanais fhorbartha an Bhaile laistigh de thréimhse an Phlean.

Gluaiseacht

RATHC OBJ 8 Úsáid mhodhanna taistil inbhuanaithe a chur chun cinn, agus daoine a ghríosadh chun rothaíochta agus siúil, agus bealaí do rothaithe agus do choisithe a sholáthar chun na háiseanna sa sráidbhaile a nascadh le chéile.

RATHC OBJ 9 Chun forbairt nascanna busanna príobháideacha agus poiblí go dtí na bailte atá in aice láimhe, agus láthair thuirlingthe do bhusanna i lár an bhaile a chur ar bun.

RATHC OBJ 10 Páirceáil agus limistéir do choisithe i lár an tsráidbhaile a chúchóiriú.

An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

RATHC OBJ 11	Oidhreacht chultúrtha na Gaeltachta a chur chun cinn.
RATHC OBJ 12	Carachtar oscailte an tsráidbhaile a chaomhnú agus radharcanna tuaithe á gcur san áireamh mar aon le deimhniú go gcinntítear na teorainneacha idir na fearainn uirbeacha agus thuaithe idir an sráidbhaile agus talamh feirme atá taobh leis.

Sóisialta

RATHC OBJ 13	Forbairt spás poiblí i gceartlár an tsráidbhaile a chur chun cinn a chuirfeadh san áireamh feabhsuithe i dtaobh comhshaoil de de réir nósanna an Dearaidh Uirbigh agus na Ríochta Poiblí.
--------------	-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

RATHC OBJ 14	Chun cur le forbairt chearnóg bhaile / spás pobail i gceartlár an tsráidbhaile a chinnteodh na teorainneacha idir an limistéar coisithe agus páirceála, soilsiú poiblí agus tírdhreachú d'fhonn cearnóg bhaile ar ardchaighdeán a chur ar bun agus croílár an bhaile a bhunú do chónaitheoirí agus do chuariteoirí araon inar féidir leo bheith i dteannta a chéile.
RATHC OBJ 15	Forbairt spáis ag bealach isteach na limistéar fiontraíochta agus forbraíochta d'fhonn an bealach isteach do choisithe go dtí an t-eastát a shoiléiriú, soilsiú poiblí agus tírdhreachú ar mhaithe le bealach isteach ar adchaighdeán don cheantar fostaíochta a chruthú.
RATHC OBJ 16	Deimhniú go bhfuil aon fhorbraíocht nua faoi réir scála, fhoirm agus fhéiniúlacht chultúrtha an tsráidbhaile.